



An Bhruiséil, 16 Eanáir 2023  
(OR. en)

5161/23

**LIMITE**

**CORLX 19  
CFSP/PESC 25  
RELEX 21  
MOG 6  
COHOM 5  
FIN 23**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

ó:	Adrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san laráin

1. An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlacthaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.
2. An 12 Eanáir 2023, tháinig an Mheitheal um an Meánoirthear/an Mhurascaill ar chomhaontú 18 duine agus 19 n-eintiteas a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

3. An 12 Eanáir 2023, thíolaic an tArdionadaí tograí le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (5157/23 agus 5159/23).
4. An 16 Eanáir 2023, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach ar chomhaontú faoin dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle agus faoin dréachtrialachán cur chun feidhme ón gComhairle.
5. Seolfar litir fógra aonair chucu siúd a bhuil a seoladh ar fáil. Foilseofar fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a liostaítear san Iris Oifigiúil (sraith ‘C’). Foilseofar fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí i Sraith ‘C’ freisin.
  - Sna himthosca sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - an comhaontú a dhearbhú maidir leis an dréachtchinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus an dréachtrialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
  - a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (AE) 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin a ghlacadh, mar a leagtar amach, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 5158/23 é;
  - a mholadh don Chomhairle an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin a ghlacadh, mar a leagtar amach, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 5160/23 é;

- a mholadh don Chomhairle teimpléad ginearálta na litreach atá le seoladh chucu siúd a bhfuil a seoladh ar fáil, mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas;
- a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle an fógra atá le foilsíú san Iris Oifigiúil (Sraith ‘C’), mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn II, a ghabhann leis an nóta seo;
- a mholadh don Chomhairle an fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí agus a fhoilseofar i Sraith ‘C’ den Iris Oifigiúil a fhormheas, mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn III, a ghabhann leis an nóta seo.

**Letter to the designated persons and entities whose addresses are known – General template**

This is to inform you that the Council of the European Union has decided that you/your client should be included in the list of persons and entities subject to restrictive measures in the Annex to Council Decision 2011/235/CFSP<sup>1</sup>, as implemented by Council Implementing Decision (CFSP) 2023/xxx<sup>2</sup>, and in Annex I to Council Regulation (EU) No 359/2011<sup>3</sup>, as implemented by Council Implementing Regulation (EU) 2023/xxx<sup>4</sup> concerning restrictive measures directed against certain persons, entities and bodies in view of the situation in Iran. The grounds for your/your client's designation appear in the relevant entries in those Annexes.

Your attention is drawn to the possibility of making an application to the competent authorities of the relevant Member State(s) as indicated in the websites in Annex II to Council Regulation (EU) No 359/2011, in order to obtain an authorisation to use frozen funds for basic needs or specific payments (cf. Article 4 of the Regulation).

Your attention is drawn to the possibility of submitting a request to the Council before **15 February 2023**, together with supporting documentation that the decision to include you/your client on the abovementioned list should be reconsidered. Any such request should be sent to the following address:

---

<sup>1</sup> OJ L 100, 14.4.2011, p. 51–57

<sup>2</sup> Official Journal L , ....., p....

<sup>3</sup> OJ L 100, 14.4.2011, p. 1–11

<sup>4</sup> Official Journal L , ....., p....

Council of the European Union

General Secretariat

RELEX.1

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

e-mail: [sanctions@consilium.europa.eu](mailto:sanctions@consilium.europa.eu)



Your attention is also drawn to the possibility of challenging the Council's decision before the General Court of the European Union, in accordance with the conditions laid down in Article 275, 2<sup>nd</sup> paragraph, and Article 263, 4<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> paragraphs, of the Treaty on the Functioning of the European Union.

[You are also informed of the Notice for the attention of the data subjects to whom the restrictive measures provided for in Council Decision 2011/235/CFSP and Council Regulation (EU) No 359/2011 concerning restrictive measures directed against certain persons and entities in view of the situation in Iran apply (2023/C xxx/xx)<sup>5</sup>.]

---

<sup>5</sup> Official Journal C... p...

**Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas, agus na geomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle<sup>1</sup>, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/XXX<sup>+</sup>XXX<sup>+</sup> ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle<sup>2</sup>, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/XXX+ ón gComhairle<sup>++</sup> a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

Díritear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine agus ar na heintitis atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/XXX<sup>+</sup> ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/XXX<sup>++</sup> ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine agus na heintitis sin a aireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuit údarás inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítéar ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a aireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 15 Feabhra 2023**, ag an seoladh seo a leanas:

<sup>1</sup> IO L 100, 14.4.2011, lch. 51–57

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin Chur Chun Feidhme ón gComhairle in 5158/23.

<sup>2</sup> IO L 100, 14.4.2011, lch. 1–11

<sup>++</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 5160/23.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht

RELEX.1

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

rphost: [sanctions@consilium.europa.eu](mailto:sanctions@consilium.europa.eu)



Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, mír 2, agus in Airteagal 263, míreanna 4 agus 6, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle<sup>1</sup> agus**

**Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle<sup>2</sup> a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iarán**

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/xxx<sup>+</sup> ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/xxx<sup>++</sup> ón gComhairle.

Is é RELEX.1 in Ard-Stiúrthóireacht an Chaidrimh Sheachtraigh - RELEX Ardrúnaíocht na Comhairle (Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, ar féidir dul i dteagháil leis ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht

RELEX.1

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

rphost: [sanctions@consilium.europa.eu](mailto:sanctions@consilium.europa.eu)

<sup>1</sup> IO L 100, 14.4.2011, lch. 51–57

<sup>2</sup> IO L 100, 14.4.2011, lch. 1–11

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 5158/23.

<sup>++</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 5160/23.

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

[data.protection@consilium.europa.eu](mailto:data.protection@consilium.europa.eu)

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/xxx ón gComhairle<sup>3</sup>, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/xxx ón gComhairle<sup>4</sup>.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonnann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainainthint i gceart, an ráiteas ar chuíseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú na gceart ag na hábhair sonraí, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a dtéann bailíocht an bhirt in éag, nó go ceann ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tú a bheith curtha leo.

<sup>3</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 5158/23

<sup>4</sup> IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 5160/23.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riarracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonrai i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ([edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)).

---

